CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/713 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Marta 2023

lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hÍsiltíre,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Ronald Eduard DE HEER éirí as oifig.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Marcelle HENDRICKX agus do Ben VAN ASSCHE éirí as oifig.

(5) Mhol rialtas na hÍsiltíre Elisabeth VAN SELM, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach nó áitiúil í agus í freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *burgemeester van de gemeente Purmerend* (Méara bhardas Purmerend), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol rialtas na hÍsiltíre na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus iad freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Bouke Roelof ARENDS, *burgemeester van de gemeente Westland* (Méara bhardas Westland), agus Jeroen Bastiaan DIEPEMAAT, *wethouder van de gemeente Enschede* (Leasmhéara bhardas Enschede),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus iad freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

(a) mar chomhalta:

— Elisabeth VAN SELM, *burgemeester van de gemeente Purmerend* (Méara bhardas Purmerend),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Bouke Roelof ARENDS, *burgemeester van de gemeente Westland* (Méara bhardas Westland),

— Jeroen Bastiaan DIEPEMAAT, *wethouder van de gemeente Enschede* (Leasmhéara bhardas Enschede).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 28 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. BUSCH